

Glór na nGael in Uladh

Doire

Buaiteoir Scéim na mBuaiteoirí i mbliana, agus an phríomhdhuais anuraidh, níl mórán nach bhfuil déanta ag an choiste seo. Ó ranganna agus ciorcail cómhra, go cúrsaí ollscoile, tá coiste Ghlór Dhoire ag déanamh cibé rud is féidir leo lena bpríomhspríoc a bhaint amach - baile iomlán dátheangach a bhunú. Leis seo i gcónaí acu mar inspioráid, tá coiste Ghlór Dhoire ag déanamh teagmháil leis na comhairlí áitiúla sa chathair agus ag tairiscint seirbhísí Gaeilge dóibh. Chomh maith leis seo, tá foirgneamh nua ceannaithe acu, áit ina mbeidh bialann, oifigí, seomraí ranga, amharclann agus neart eile. Ag an bhomaite, tá sé in úsáid acu mar charchlós i gcathair ina bhfuil sé beagnach dodhéanta áit paircéala a fháil! Bíonn an coiste páirteach i ngach uile imeacht sa chathair, ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile, agus éiríonn na pleananna bliantúla níos mó agus níos suimiúla gach bliain.

Baile Uí Mhurchú

Bhain Baile Uí Mhurchú trí dhuais i mbliana, agus nuair a fheiceann tú an sár-obair atá déanta acu sa cheantar, ní chuireann seo iontas ort. Tá an coiste dírithe isteach ar an Óige, agus a gcuid fadhbanna. Mhothaigh an coiste go raibh daoine óga sa cheantar ag fágáil na scoile agus nach raibh obair ar bith ar fáil dóibh. Cad a rinne siad? Chruthaigh siad postanna, agus tá na daoine óga seo anois fostaithe ag an choiste i gClub Eachtra, i ngnónna. Oibríonn an Club Eachtra le daoine óga i mBaile Uí Mhurchú, ag cur seirbhísí Gaeilge ar fáil i gceantar ina bhfuil an mhórchuid de na daoine as obair. Tá gnó comharthaíochta ar fáil sa chlub, chomh maith le gnó bróidnéireachta, caife, bialann, siopa leabhar, ranganna, club óige agus neart eile. Chuaigh scaifte ón chlub ar thuras go dtí Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí, ar na mallaibh, áit ina raibh seans acu bualadh le muintir na Gaeltachta, agus a bheith páirteach i bhFéile na Bealtaine sa Daingean. Gan an Club Eachtra, agus an obair atá déanta ag coiste Ghlór na nGael, ní bheadh an seans seo acu.

Ros Earcain

Bhí Ros Earcain mar buaiteoirí ar leibhéal a haon i mbliana, ach an obair a rinne siad thar na bliana, thiofadh leo a bheith ar leibhéal a trí. Suite, mar atá siad, i gceantar atá clúiteach mar áit fhíorghallda, thosaigh siad ranganna, reachtáil siad Féile na Mílaoise, chuir siad páistí chun na Gaeltachta, reachtáil siad scéim shamhraidh ollmhór, agus d'oibrigh siad leis an gcomhairle áitiúil chun airgead a shaothrú. Tá baill an choiste an-bhródúil as an obair atá déanta acu, ach níl siad bladhmánach faoi. Mar a dúirt siad féin, bhí ar dhuine éigean an obair a thioseacht. Tá a fhios acu go mbeidh sé indéanta an leibhéal céanna oibre a dhéanamh an bhliain seo chugainn, ach tá siad sásta go bhfuil an obair toisithe, agus go bhfuil an siol curtha acu sa cheantar.

An Srath Bán

Bhain an Srath Bán Duais na hÓige i mbliana, as an obair atá déanta acu le daoine óga an baile. Ach chomh maith leis seo, tá siad an-ghnóthach le himeachtaí eile, go mórómór le cúrsaí Gaelscoile. Bhog siad chuig suíomh nua i mbliana, agus bhí an

coiste gafa leis seo ar feadh fada go leor. Ar a bharr seo, tá siad ag cur leabhrán logainmneacha le chéile, mar chuid de scéim Ghlór na nGael, 'Ón mBun Aníos'.

Tá an leabhrán beagnach críochnaithe acu, agus tá Oifig an Phoist ag iarraidh orthu an chéad chóip a sheoladh chucusan, le cuidiú leo sa cheantar. Coiste an-ghníomhach atá anseo, agus tá siad ag reachtáil cúrsaí NVQ (Cáiliocht Náisiúnta Gairmoideachais) le coiste Ghlór Dhoire.

Boirche Íochtar

Bhí coiste Boirche Íochtar an-ghnóthach i rith na bliana ag saothrú airgid leis na daoine óga sa cheantar a chur chun na Gaeltachta. Bíonn scéim shamhraidh acu gach bliain, agus i mbliana, beidh siad á reachtáil le grúpaí in Iúr Chinn Trá. Mar chuid den scéim, beidh scrúduithe na bhFainní ar siúl acu. Bíonn léachtanna ar siúl i rith na bliana, chomh maith le hoícheanta sóisialta, agus turais stáiriúla go Co. na Mí agus áiteanna mar sin.

Coistí eile Uladh

Cé go bhfuil na buaiteoirí in Uladh an-ghníomhach agus láidir, ní hiad na haon choistí sa Chúige atá ag déanamh obair éifeachtach ar son an teanga agus an chultúir. Tá neart eile atá ag obair leo, ag cur seirbhísí Gaeilge ar fáil don phobal, ag reachtáil ranganna, comórtais, ag cur daoine óga chun na Gaeltachta, agus ag cur na teanga Gaeilge chun cinn sa phobal.

I nDún Lathaí, i gCo. Aontroma, tá áiseanna fisichomhdhála in úsáid acu le ranganna Gaeilge a reachtáil ar Oileán Reachlainne. Níor chuir an tine mhór a bhí acu ag an Nollaig as dóibh, agus tá siad ag obair leo, ag reachtáil Gaelscoil Dhal Riada, ranganna, scéim shamhraidh, dianchúrsaí, agus rí. I mBaile an Chaisil, bunaíodh Gaelscoil anuraidh, agus tá nasc cumtha acu féin le Oileán Reachlainne.

Tá Glór Mhacha, in Ard Mhacha, i ndiaidh suíomh idirlíon www.ardmhacha.com a sheoladh, áit ar féidir leat stair an cheantair, logainmneacha, ceachtanna Gaeilge, agus eolas faoi scríbhneoirí na háite a fhéiceáil. I mBéal Feirste, tá coiste Ghlór na nGael in iarthar an chathair ag oscailt an chéad teach tabhairme lánGhaelach sa chathair. D'oscail an coiste i ndeisceart na cathracha foirgneamh nua - Ionad an Droichid.

Tá foirgneamh iomlán nua tógtha ag coiste Ghlór Machaire Ratha don bhunscoil, agus tá foirgneamh eile ceannaithe acu don naíscoil. D'oscail naíscoil nua ar Bhóthar Gharbhachaidh i mbliana, ag coiste Phort an Dúnain, agus tá Féile Dhroim Criath le bheith ar siúl i mbliana. D'oscail coiste Chaisleán an Mhuilinn ionad Gaeilge i leabharlann an bhaile anuraidh, agus tá ag éirigh go maith leis an Ghaelscoil. D'oscail Leitir Ceanainn Gaelscoil nua anuraidh, agus tá siad ag bunú cór Gaelach den chéad uair le céad bliain sa bhaile. Chomh maith leis na nascanna atá á gcumadh ar fud na tíre ag go leor coistí tá grúpaí nua atá ag teacht isteach sa gcomórtas an bhliain seo chugainn, a thabharfas leo smaointe nua, imeachtaí nua, agus spreagadh do pobal Gaeilge Chúige Uladh, go hairithe i dTír Chonaill, Bunscoil Phobal Feirste, agus grúpaí i gCo. an Chabháin, agus Muineachán. ■

Glór na nGael - Inis Oírr

Cathleen Ní Chonghaile

Cathaoirleach

Tá Coiste Ghlór na nGael Inis Oírr an-bhródúil as an aitheantas a tugadh don oileán i gComórtas Náisiúnta Ghlór na nGael don bhliain 2000, agus ba mhaith leo buíochas a ghlacadh le chuile dhuine a chuidigh leis an dea-obair, go háitiúil agus ón taobh amuigh.



Coiste Glór na nGael Inis Oírr

Tá moladh tuillte ag chuile dhream, agus ag chuile choiste atá ag plé leis an obair seo, ar fud na tíre, agus ba mhaith linne atá inar gcónaí i gceantar beag Gaeltachta, an moladh sin a thabhairt dóibh, agus a mholadh go mbeadh comhoibriú idir coistí i gceantair éagsúla, lámach sa gcomórtas lá éicint amach anseo.

Maidir le hInis Oírr agus an bhliain seo caite, is iondúil go mbíonn an seasúr turasóireachta sách priaclach, ach chuir an fhéile seachtaine 'Dé Bheatha Abhaile', borradh breise faoi sa tríú seachtain de mhí Lúnasa anuraidh. Faoi am go raibh na strainséirí uilig bailithe leo, bhí sé in am aghaidh a thabhairt aríst ar na himeachtaí agus ar na hoibreacha a chuireann an t-oileán chun cinn. Bhí an togra 'Airdeall', a bhaineann le caomhnú Ghaeilge na háite, ar cheann de na hoibreacha seo.



Ó chl: Kate Mhaidhc Sheáin Ó Finneadha (Lochán Beag), Ceate Breathnach (Lochán Beag), Baibín Breathnach (Lochán Beag).



Ó chl: Catherine Tom Pheadair Uí Ghriofa (Cor na Rón), Peige Stiofáin O'Leary (Cor na Rón).